Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14442/25**

**ECOFIN 1408**
**UEM 512**
**FIN 1245**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

**1** IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Eastóin an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 18 Meitheamh 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 29 Deireadh Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 16 Meitheamh 2023[3].

(2) An 2 Deireadh Fómhair 2025 rinne an Eastóin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Eastóin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Eastóin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 41 bheart.

---

[2] ST 12532/21 INIT; ST 12532/21 ADD 1; ST 12532/21 ADD 1 COR 1 agus ST 12532/21 ADD 1 COR1 REV1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] ST 9367/23 agus ST 9367/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Tá mínithe ag an Eastóin nach féidir trí bheart a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar éileamh athraithe an mhargaidh. Baineann sé sin le beart 1.3 (Seirbhísí billí iompair digiteacha a fhorbairt), beart 2.7 (Deiseanna a chruthú le haghaidh glacadh teicneolaíochtaí hidrigine glaise atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh), agus beart 4.7 (Clár Píolótach Stórála Fuinnimh). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Eastóin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(5) Tá mínithe ag an Eastóin go bhfuil trí bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le beart 2.6 (an Ciste Glas), le beart 4.4 (Borradh a chur faoin aistriú glas sa gheilleagar fuinnimh) agus le beart 6.6 (Bearta maidir leis an margadh saothair a chur ar fáil chun dífhostaíocht i measc na hóige a laghdú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Eastóin go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag an Eastóin go bhfuil 33 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a shimpliú agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le beart 1.1. (Claochlú digiteach i bhfiontair), beart 1.2. (An ríomhthógáil a fhorbairt), beart 1.4. (Athchóiriú scileanna le haghaidh claochlú digiteach gnólachtaí), beart 1.5. (Tacú le hiomaíochas fiontar i margaí eachtracha), beart 2.2. (Scileanna glasa chun tacú le haistriú glas fiontar), beart 2.3. (Cláir forbartha teicneolaíochtaí glasa), beart 2.4. (Nuachóiriú na samhlacha gnó i gcuideachtaí monaraíochta), beart 2.5. (Teicneolaíochtaí glasa atá tíosach ar acmhainní a chur in úsáid), beart 2.8. (Tacaíocht infheistíochta i slándáil an tsoláthair), beart 3.1. (Ionad bearr feabhais le haghaidh rialachas sonraí agus sonraí oscailte a chruthú), beart 3.2. (Seirbhísí imeachtaí agus seirbhísí poiblí digiteacha réamhghníomhacha do dhaoine aonair a fhorbairt), beart 3.3. (Seirbhísí imeachtaí agus tairseach dhigiteach d'fhiontraithe a fhorbairt), beart 3.4. (Clár #Bürokratt (ardán agus éiceachóras fíorúil cúnta náisiúnta)), beart 3.5. (Athchumrú seirbhísí digiteacha bunúsacha agus an t-aistriú sábháilte chuig bonneagar néalríomhaireachta), beart 3.6. (Anailís straitéiseach ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta san Eastóin a bhunú), beart 3.7. (Córas faisnéise le haghaidh anailís straitéiseach fíor-ama ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta), beart 3.8. (Líonraí leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta a thógáil), beart 4.1. (Éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn), beart 4.2. (Tacaíocht chun foirgnimh árasán a athchóiriú), beart 4.3. (Tacaíocht chun foirgnimh bheaga chónaithe a athchóiriú), beart 4.5. (Clár chun an eangach leictreachais a neartú chun an acmhainneacht táirgeachta fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus a chur in oiriúint don athrú aeráide (amhail cosaint ar stoirmeacha)),

beart 4.6. (Clár chun borradh a chur faoi tháirgeadh fuinnimh i limistéir thionsclaíocha), beart 4.8. (Borradh a chur faoi fhorbairt feirmeacha gaoithe amach ón gcósta), beart 5.1. (Bonneagar iompair agus fuinnimh atá sábháilte, glas, iomaíoch, bunaithe ar riachtanais agus inbhuanaithe a chur in úsáid), beart 5.2.a (Soitheach oibre ilfheidhmeach), beart 5.4. (Tramlíne Sean-Chalafort Thaillinn a thógáil), beart 5.5. (Infheistíochtaí bardas i mbóithre agus i mbealaí siúil), beart 6.1. (Athrú cuimsitheach ar eagrú an chúraim sláinte san Eastóin), beart 6.2.a (Tógáil TERVIKUM), beart 6.8. (Cúram fadtéarmach), beart 8.1. (Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a éascú), beart 8.2. (Clár chun an rochtain atá ag táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an líonra dáileacháin leictreachais a mhéadú) agus beart 8.3. (Táirgeadh agus glacadh bithgháis agus bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Eastóin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(7) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an Eastóin úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh tríd an laghdú ar chur chun feidhme bheart 2.7. (Deiseanna a chruthú le haghaidh glacadh teicneolaíochtaí hidrigine glaise atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh), chun beart nua 5.3.b. (Stráice iarnróid ó Rapla go Lelle a athchóiriú) a chur leis agus chun leibhéal cur chun feidhme bheart 5.3.a (Tarbhealaí Iarnróid Rail Baltic a thógáil) a mhéadú. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Eastóin go méadófaí leibhéal cur chun feidhme birt amháin agus go gcuirfí beart nua amháin leis. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(8) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Eastóin i láthair a chur san áireamh.

*Measúnú an Choimisiúin*

(9) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(10) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Eastóin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (da), (db), (f), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a chuimsítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

---

[4] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

(12) Déantar measúnú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa treoraíocht theicniúil a thugtar san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta'[5]. Déantar an measúnú go córasach le haghaidh gach athchóirithe agus infheistíochta modhnaithe de réir an chur chuige dhá chéim. Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach do gach beart modhnaithe agus don bheart nua. I gcás inar gá, tá ceanglais mheasúnú 'gan dochar suntasach a dhéanamh' cumhdaithe i ndearadh birt agus sonraítear iad i gcloch mhíle nó i sprioc de chuid an bhirt sin. Ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéanann aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 49 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, agus 78 % de chostas iomlán measta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méideanna arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

---

**5** IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

(14) Leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe de bhéim a chur ar theicneolaíochtaí glasa nua a fhorbairt i réimsí straitéiseacha amhail an fuinneamh. Leanann sé freisin de bheith ag tacú le haistriú cuideachtaí ó fhuinneamh iontaise go foinsí malartacha fuinnimh, agus díríonn sé ar sciar na soghluaisteachta inbhuanaithe a mhéadú. Rannchuidíonn an plean le spriocanna 2030-2050 a bhaint amach chomh maith le cuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050 trí fhad líonra iarnróid na hEastóine atá leictrithe a leathnú agus tríd an iompar poiblí i dTaillinn, lena n-áirítear lena n-áirítear iompar poiblí chuig an aerfort agus uaidh, a dhéanamh níos cuimsithí agus níos áisiúla.

(15) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, tugtar isteach ionstraim airgeadais le haghaidh bheart 2.6 (an Ciste Glas) mar aon le modhnú ar na táscairí faoi seach. Mar thoradh ar an modhnú sin, laghdaítear cion foriomlán na gcistí a thacaíonn le cuspóirí aeráide. Ina theannta sin, leis an laghdú ar na spriocanna faoi bheart 2.7 (Deiseanna a chruthú le haghaidh glacadh teicneolaíochtaí hidrigine glaise atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh), laghdaítear an ranníocaíocht aeráide freisin. Cúitítear é sin go páirteach leis an méadú ar leibhéal uaillmhéine bheart 5.3.a (Tarbhealaí Iarnróid Rail Baltic a thógáil) agus trí bheart 5.3.b (Stráice iarnróid ó Rapla go Lelle a athchóiriú) a thabhairt isteach. Ar an iomlán, áiritheofar an ceanglas maidir leis an gclibeáil aeráide leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ina iomláine agus fanann sé os cionn 37 % den chuid is mó.

*Costáil*

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(17) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais do na bearta athbhreithnithe go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte cé go léiríonn an fhianaise go bhfuil na ríomhanna éagsúil ó thaobh leibhéal mionsonra agus doimhneachta de. Ina theannta sin, bhí údar cuí leis na hathruithe sna meastacháin chostais le haghaidh bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach agus, dá bhrí sin, níor athraíodh réasúnaíocht agus inchreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ar deireadh, tá costais iomlána measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá siad i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(18) Ó rinneadh an measúnú roimhe seo, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír chóras iniúchóireachta agus rialúcháin na hEastóine. Áirítear leis sin torthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún san Eastóin.

(19) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialúcháin inmheánaigh phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine leordhóthanach ar an iomlán.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], mheas an Eastóin gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mar sin féin, mheas an Eastóin nach raibh aon tionscadail sin le cur sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe toisc gur de chineál mórscála agus fadtéarmach iad go ginearálta, rud a éilíonn tréimhse cur chun feidhme a théann thar an tréimhse ama a cheadaítear faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

***Measúnú dearfach***

(21) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

---

**6** Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

*Ranníocaíocht airgeadais*

(22) Is é EUR 953 380 000 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hEastóine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Eastóin, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hEastóine, ba cheart gurb é EUR 953 184 800 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Eastóin.

(23) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a ionadú go hiomlán,

(24) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a d'fhéadfaí a dhéanamh, go háirithe faoi Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh. Ní ghabhann sé treis ar an gceanglas atá ar na Ballstáit na bearta a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus, go háirithe, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 108 den Chonradh.

,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

7 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hEastóine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hEastóine..

Arna dhéanamh in/sa …,,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*